

20ú Lúnasa 2024

Ráiteas Um Chumhdach Leanaí

Child Protection Statement



Comhlúadar Luimnigh

Labhair Gaeilge Linn

1. Ráiteas Um Chumhdach Leanaí Comhluadar Luimnigh

Cuireann Comhluadar Luimnigh imeachtaí ar siúl do dhaoine fásta, déagóirí agus teaghlaigh trí mheán na Gaeilge i gCathair agus Contae Luimnigh den chuid is mó. Déantar é seo trí Chlubanna Óige, Campaí Samhraidh, féiltí, imeachtaí éagsúla cosúil le scéalaíocht, ceardlanna ealaíne & ceardaíochta, Lego, siúlóidí m.sh. Tá Oifigeach Forbartha fostaithe ag an eagraíocht agus spás oifige acu ar Shráid Thomáis, Luimneach.

Tá sé mar aidhm ag Comhluadar Luimnigh: • Suíomhanna a chur ar fáil a thugann misneach do dhaoine páirt ghníomhach a thógail i bpobal spraoiúil, comhaimseartha labhartha na Gaeilge. • Clár oibre atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil do pobal na Gaeilge trí Ghaeilge a spreagann daoine idir og agus aosta an Ghaeilge a labhairt in atmaisféir fáiltiúil muinteartha.

2. Príomhphrionsabail maidir le paistí agus daoine óga a chosaint ó dhochar

Tá Comhluadar Luimnigh tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil a chuireann chun cinn deachleachtas agus a chruthaíonn timpeallacht shábháilte chun páistí agus daoine óga a chosaint ó dhochar. Cinnteoidh sé freisin go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun baill foirne/ceannairí/coistí agus an eagraíocht a chosaint ó líomhaintí féideartha.

Déantar é seo trí na prionsabail a leanas a chur i bhfeidhm san eagraíocht:

- A chinntiú gur leas an linbh an rud is tábhachtaí thar aon ní eile
- Go bhfuil gach duine freagrach as sábháilteacht agus cumhdach leanaí. **Caithfear tuismitheoirí / caomhnóirí a bheith ann ag ár n-imeachtaí agus beidh tuismitheoirí/caomhnóirí freagrach as cúram a gcuid leanaí féin.**
- Tá sé de cheart ag leanaí go n-éistfí leo agus go dtabharfaí aird ar an méid atá le rá acu.
- Ba cheart ómós a thabhairt do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus ba chóir dul i gcomhairle leo.
- Ba cheart go mbeadh baint ag tuismitheoirí agus chúramóirí le ceisteanna a bhaineann lena dteaghlaigh ach amháin sa chás go gcuirfeadh sé an páiste i mbaol é seo a dhéanamh.
- A chinntiú go bhfuil gach ball foirne, gach duine atá i ról a bhfuil plé acu le leanaí ann ar bhonn deonach agus aon duine eile a mbíonn teagmháil acu le páistí curtha faoi réamhscrúdú an Gharda Síochána
- Treoirínte Cosaint Leanaí agus Cód Cleachtais a chur ar fáil do cheannairí agus foireann
- Traenáil a chur ar fáil don fhoireann agus do cheannairí maidir le polasaithe na heagraíochta
- Eolas a roinnt leis na húdaráis chúí ar bhonn riachtanais
- Cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos maidir le hearcú agus roghnú foirne agus daoine deonacha
- Foireann agus daoine atá ag feidmiú go deonach a bhainistiú go héifeachtach trí thacaíocht, traenáil agus maoirseacht
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár Ráitis Cumhdach Leanaí agus ar ár bPolasaí agus Treoirínte Cumhdach Leanaí gach dara bliain nó níos minice má bhíonn gá, de bharr athruithe sa reachtaíocht nó polasaí náisiúnta.

DLP: Teagmhálaí Ainmnithe Comhluadar Luimnigh: Joanne Ní Challanáin Fón: +353 (0) 89 410 6637 Comhluadarluimnigh@gmail.com

Deputy DLP /Teagmhálaí Ainmnithe Cúnta: Ava Nic Searraigh Fón: 0894106637 R-Phost: eolas@comhluadarluimnigh.ie

3. Measúnú Riosca

De réir an Achta, Children First 2015, tá an coiste Comhluadar Luimnigh agus an tOifigeach Forbartha tar éis measúnú a dhéanamh maidir le haon dochar a d'fhéadfadh tarlú do pháiste agus iad ag baint leas as seirbhísí na heagraíochta. Tá liosta achoimreach de na rioscaí agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú thíos:

	Rioscanna Sainaitheanta	Nós Imeachta atá i bhfeidhm chun an riosca a bhainistiú
1	Daoine mí-oiriúnach a earcú	Réamhscrúdú an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach duine atá 18 bl. d'aois nó níos sine sula dtéann siad i mbun oibre linn. Teistiméireacht a lorg ó gach ceannaire /fostaí
2	Freagrach tuistí	<p>Iarrtar ar thuismitheoirí smacht a choimeád ar a bpáistí féin i rith na himeachtaí agus fios a bheith acu i gcónaí, ar an áit a bhfuil a bpáistí féin.</p> <p>Is gá go mbeidh cúramóir ag gach páiste ag na himeachtaí. Iarrtar ar thuismitheoirí a bheith i láthair nó muna bhfuil sé ar a gcumas acu a bheith ann, socrú a dhéanamh le thuismitheoir eile roimh ré chun a ndualgas a chomhlíonadh.</p> <p>Níl sé de dhualgas ar fhoireann Chomhluadar Luimnigh smacht a chur ar pháistí ná feighlíocht a dhéanamh, am ar bith, ar pháistí atá ag freastal ar imeachtaí Comhluadar Luimnigh</p>
3	Easpa traenála maidir le cumhdach leanáí	Beidh ar gach ceannaire agus ball foirne an cúrsa ar líne a dhéanamh agus cóip den teastas a chur ar fail

4	(a) Gaol mí-oiriúnach idir ball agus duine fásta. (b) Gaol nó eachtra mí-oiriúnach idir beirt bhall nó níos mó	A chinntiú go bhfuil gach duine san eagraíocht ar an eolas faoi Pholasaí Cosaint Leanaí Comhluadar Luimnigh . Traenáil & oiliúint leanúnach ar Chosaint Páistí a chur ar fáil. Cloí le cód Iompair na heagraíochta maoirseoireacht cheart ag clubanna agus imeachtaí
5	Contúirt de bharr gan a bheith ag cloí leis an gcód iompair	A chinntiú go bhfuil eolas agus oiliúint a chur ar cheannairí / foireann agus an choiste faoi Chód Iompair na heagraíochta
6	Easpa maoirseachta ag imeachtaí/club/campa	Cloí le Cód Iompair do chruinnithe agus imeachtaí.
7	Easpa tuairiscithe nó tuairisciú déanach ar chontúirt áirithe agus tuairisc a bheith míchruinn de thairbhe sin.	Cloí leis an treoir atá leagtha síos i dTreoirlínte CL maidir le tuairisciú. Ba chóir teagmháil a dhéanamh i gcónaí le Teagmhálaithe Ainmnithe CL má bhíonn aon chúis imní ag duine.
8	Baol díobhála de bharr tromaíocht ó pháiste eile	Treoirlínte Frith-Bhulaíochta a chur i bhfeidhm.
9	Baol leis na Meáin Soisialta	Cead a fháil ó thuismitheoirí griangrafanna / físeán a ghlacadh agus a chur ar na meáin shóisialta nó ábhair margaíochta, poiblíochta nó feasta ag baint le Comhluadar Luimnigh
10	Timpistí agus rioscaí eile	Foirm riosca a líonadh roimh imeachtaí
11	Ailléirge	Gan aon bhia a roinnt le daoine eile ag na himeachtaí. Má tá ailéirge ag an páiste caithfidh siad an t-eolas sin a chur in iúl do fhoireann Chomhluadar Luimnigh roimh gach imeacht.
12	Teocht	Tá gach tuismitheoirí freagrach as sú gréine a chur ar a páiste féin agus a chinntiú go bhfuil siad cóirithe go cuí le haghaidh imeachtaí ag baint le Comhluadar Luimnigh

4. Cumhdach Leanaí – Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Is de réir an Children First Act 2015, Children First - Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí agus Polasaí Cosaint Leanaí Comhluadar Luimnigh, atá an Ráiteas Cumhdach Leanaí seo curtha le chéile ag Comhluadar Luimnigh. I dteannta na nósanna imeachta atá

leagtha amach sa Mheasúnú Riosca tá na polasaithe agus nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm:


Próiseas chun déileáil le líomhaintí mí-úsáid nó mí-iompar i gcoinne ball foirne nó ceannaire ó pháiste agus iad ag baint leas as ár seirbhísí

- Nós imeachta ina mbeifear faichilleach in earcaíocht/roghnú fostaithe/oibrítthe deonacha chun obair le leanaí.
- Nós imeachta ina sholáthrófar oiliúint/faisnéis ar chumhdach leanaí, lena n-áirítear na díobhálacha a aithint.
- Nós imeachta maidir le himní cosaint leanaí nó leasa a thuirisciú chuig Tusla.
- Tá na nósanna imeachta ar fad atá liostaithe le fáil ar éileamh.

5. Cur i bhfeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur chun feidhme seo. Táimid tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanáí seo a chur i bhfeidhm agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár gcuspóirí chun leanaí a choinneáil slán ó dhochar agus iad ag baint leasa as ár gcuid seirbhísí. Déanfaidh Comhlúadar Luimnigh athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanáí seo ar an 30 Deireadh 2025 nó a luaithe agus gur féidir tar éis athrú ábhartha a bheith déanta in aon ghné a bhaineann leis an ráiteas.

Sínithe:



Oifigeach Forbartha Comhlúadar Luimnigh

Ava Nic Searraigh

Dáta: 11/7/2024

Ainm agus sonraí teagmhála na heagraíochta: Comhlúadar Luimnigh, Garrán Uí Chiabhaigh, Lios na Graí, Co. Luimnigh.V94A9WC. Teil: 089 4106637 eolas@comhlúadarluimnigh.ie

Má tá ceist ar bith agat déan teagmháil le Joanne Ní Challanáin, Duine Ábhartha de réir an Achta Children First, 2015. eolas@comhlúadarluimnigh.ie

<https://www.tusla.ie/children-first/children-first-guidance-and-legislation/>